Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**12693/20**

**ECOFIN 1006**
**STATIS 49**
**UEM 358**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Samhain 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12246/1/20 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais do 2020 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais do 2020, a d'fhormheas an Chomhairle trí nós imeachta i scríbhinn, a tugadh chun críche an 6 Samhain 2020 (CM 4515/20).

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh**

I bhfianaise na dtosaíochtaí a leagadh síos roimhe seo sna conclúidí ón gComhairle ó mhí na Samhna 2019 maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an Tuarascáil Stádais ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise san aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta (AEA), agus aird á tabhairt ar na treoirlínte polaitiúla don Choimisiún sna blianta 2019-2024, na riachtanais staidrimh is bun leis an rialachas eacnamaíoch, agus an staid eisceachtúil in 2020 maidir le COVID-19, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le ceanglais faisnéise in AEA, staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus don fhaireachas ar mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch, agus don staidreamh struchtúrach.

**An fhreagairt staidrimh ar COVID-19**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an mhearfhreagairt ón gCóras Staidrimh Eorpach (CSE) agus ón gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) ar phaindéim COVID-19, lenar áirithíodh gur leanadh de phríomhstaidreamh oifigiúil atá ann cheana a fhoilsiú faoin sprioc-am, in éineacht le faisnéis shoiléir d'úsáideoirí maidir leis na tionchair a bhíonn ag an bpaindéim ar ullmhúchán staidrimh. D'fhorbair CSE staidreamh nua an-ábhartha freisin, ar bhonn turgnaimh go minic. Le linn an phróisis sin, bhí rochtain ar fhoinsí nua sonraí agus forbairt teicnící nua staidrimh ríthábhachtach.

CUIREANN an Chomhairle CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé go mbeadh rochtain mhéadaithe leanúnach ag Institiúidí Náisiúnta Staidrimh ar fhoinsí riaracháin agus ar fhoinsí nua sonraí, agus sa chomhthéacs sin, tathantaíonn sí ar CSE leanúint de bheith ag féachaint ar fhoinsí agus ar theicneolaíochtaí nua sonraí agus modhanna nuálacha a fhorbairt chun staidreamh Eorpach ardcháilíochta, níos saibhre agus níos tapúla a ullmhú.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle tionscnamh Oifig Staidrimh na Gearmáine (Destatis) agus an obair arna déanamh ag Destatis agus Eurostat i ndáil le forbairt agus seoladh deaise CSE de tháscairí atá ann cheana féin agus atá an-ábhartha chun faireachán a dhéanamh ar na treochtaí eacnamaíocha sochaíocha le linn na céime téarnaimh ó COVID-19.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle iarrachtaí Eurostat soiléiriú luath a thabhairt ar na rialacha staidrimh is infheidhme maidir le hidirghabhálacha a bhaineann le COVID-19 i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, AITHNÍONN SÍ gur fhorbair Eurostat agus BCE teimpléad comhpháirteach lán-chomhordaithe agus MOLANN SÍ do na Ballstáit a seacht ndícheall a dhéanamh na sonraí staidrimh agus an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar éifeacht na n-idirghabhálacha rialtais agus earnála poiblí a bhaineann le COVID-19 ar na táscairí ábhartha airgeadais phoiblí.

**Bonneagar staidrimh**

CUIREANN an Chomhairle CHUN SUNTAIS gur gá infheistíocht leordhóthanach a áirithiú sa bhonneagar staidrimh ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta agus gur gá an bonneagar sin a chothabháil, lena n-áirítear bonneagar TF agus digiteáil, i dtreo is go mbeidh an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) in ann fónamh don ghá atá le staidreamh oifigiúil rialta, ardcháilíochta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil i gcomhthéacs an dul chun cinn sa teicneolaíocht mar aon le riachtanais sonraí atá ag athrú go tapa agus dúshláin staidrimh a bhaineann leis an bpaindéim agus lena hiarmhairtí.

MEABHRAÍTEAR don Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis an ualach a bhíonn ar fhreagróirí a íoslaghdú agus an gá atá le héilimh nua staidrimh a réiteach le gnóthachan éifeachtúlachta agus beartú tosaíochta éifeachtach.

**Staidreamh i ndáil leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle iarrachtaí Eurostat ionchur staidrimh a sholáthar chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus MOLANN SÍ do Eurostat leanúint de bheith ag obair ar fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na SDGanna a bhaint amach ar an leibhéal Eorpach.

MOLANN an Chomhairle do CSE freagairt ar na héilimh ar fhaisnéis atá ag teacht chun cinn ón gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear maidir le hathbhreithniú agus méadú chlár na gcuntas eacnamaíoch comhshaoil agus táscairí tráthúla a fhorbairt a thuilleadh.

**Tuarascáil Stádais 2020 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA**

TUGANN AN CHOMHAIRLE DÁ hAIRE an méid a bhfuil cur síos air sa Tuarascáil Stádais 2020 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA. Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas, go háirithe:

> IS MÓR AICI gur cuireadh tuilleadh feabhais ar chuimsiú tíortha, tráthúlacht, fad na n-amshraitheanna, agus cáilíocht fhoriomlán na bPríomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha (PEEIanna).
>
> IS DÍOL SÁSAIMH DI an feabhas suntasach atá tagtha ar infhaighteacht sonraí 2010 ó ESA de réir mar a théann maoluithe ESA 2010 in éag, agus gur fhoilsigh Eurostat táscairí do dhíolacháin tithe ar bhonn ráithiúil ó mhí Iúil 2020 ar aghaidh.
>
> CUIREANN SÍ I dTREIS an ról tábhachtach atá ag PEEIanna i gcónaí mar bhonn chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha gearrthéarmacha agus TÁ SÍ AG TNÚTH le tuilleadh dul chun cinn chun na bearnaí atá fós ann a dhúnadh.

**Staidreamh réadmhaoine chun críocha macrastuamachta agus eile**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na tionscnaimh atá fós ar bun ag an gCóras Staidrimh Eorpach (CSE) agus ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) chun dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le coincheapa a fhorbairt agus leis an obair phraiticiúil maidir le táscairí réadmhaoine tráchtála. MOLANN an Chomhairle do CSE agus do CEBC araon leanúint orthu den tábhacht agus den phráinn is gá a thabhairt don tsaincheist seo.

**Staidreamh faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (MIP)**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le cáilíocht an staidrimh atá mar bhonn ag MIP a áirithiú, agus IS MÓR ag an gComhairle tuarascáil measúnaithe cáilíochta bhliantúil CSE-CEBC ar an staidreamh is bonn do MIP ó Eurostat agus ón mBanc Ceannais Eorpach agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí a sainaithníodh inti.

IARRANN an Chomhairle ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear faoi bhráid Eurostat gach sonra staidrimh is gá chun tagarmharc caiteachais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear sonraí i dtaca le hioncam rialtais i bhfoirm cistiúchán ón Aontas.

**Staidreamh déimeagrafach agus réamh-mheastacháin daonra**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle gur foilsíodh réamh-mheastacháin daonra (EUROPOP 2019) i mí Aibreáin 2020, a bheidh mar ionchur déimeagrafach i dTuarascáil 2021 ar an Aosú, agus IS MÓR AICI go n-ullmhóidh Eurostat réamh-mheastacháin réigiúnacha daonra lena dtugtar léargas níos mionsonraithe ar aosú an daonra agus ar éagsúlacht chríochach.

MOLANN an Chomhairle freisin do Eurostat agus do na Ballstáit feabhas a chur ar chumhdach staidrimh an chúraim fhadtéarmaigh, a mhéid a bhaineann le sláinte agus caiteachas sóisialta, idir phoiblí agus phríobháideach, agus tairbhithe, chun imscrúdú ar threochtaí inacmhainneachta agus ar thionchair airgeadais phoiblí a éascú.

**Staidreamh sóisialta**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle freisin an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le nuachóiriú an staidrimh shóisialta, go háirithe an t-ionchur sa Scórchlár Sóisialta do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, trí shonraí a chur ar fáil maidir le réimse leathan táscairí. MOLANN an Chomhairle go ndéanfaí dul chun cinn i dtaca le cur i gcrích an phlean chun staidreamh daonra a nuachóiriú, agus sonraí mionsonraithe á gcur ar fáil níos minice. CUIREANN an Chomhairle i bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá staidreamh d'ioncam, do thomhaltas agus do shaibhreas teaghlach.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe lena gcumhdaítear ceanglais mhionsonraithe i ndáil le sonraí, sainmhínithe ar athróga staidrimh agus sonraíochtaí teicniúla breise i dtaca leis an Rialachán Réime Eorpach Comhtháite maidir le Staidreamh Sóisialta (IESS).

MOLANN an Chomhairle do Eurostat staidreamh turgnamhach breise a cheapadh, lena n-áirítear tuar reatha na dtáscairí sóisialta, rud a d'fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

**Staidreamh gnó agus domhandú**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na feabhsuithe atá á ndéanamh i gcónaí i staidreamh gnó Eorpach, lena n-áirítear na FBManna a chumhdach ar bhealach níos fearr i Staidreamh Struchtúrach Gnó, staidreamh breise agus staidreamh níos minice le haghaidh seirbhísí, níos mó mionsonraí don trádáil (go háirithe don trádáil i seirbhísí), céimeanna nuálacha i gcomhar le soláthróirí cóiríochta ardán do staidreamh turasóireachta, agus digiteáil a thomhas ar bhealach níos fearr.

ADMHAÍONN an Chomhairle an obair a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an domhandaithe don staidreamh, a bhuíochas ar chomhar feabhsaithe laistigh de CSE agus den Chóras Eorpach Banc Ceannais agus eatarthu siúd freisin. TACAÍONN an Chomhairle le tionscnaimh chun srianta neamhriachtanacha a shárú maidir le comhroinnt na faisnéise ábhartha idir tiomsaitheoirí staidrimh.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe i dtaca leis an Rialachán maidir le Staidreamh Gnó Eorpach agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí tá staidreamh feabhsaithe faoin Rialachán sin.